# Antoine Ó Doċartaiġ

## Maiġistir Clúiteaċ Oileán na Cruite

Caṫal Ó Tuaṫail do Scríoḃ

AR sean-ṁaiġistrí scoile na hÉireann ní raiḃ duine ba Ġaeḋealaiġe agus a b'ḟearr a raiḃ Gaeḋilg aige 'ná Antoine Ó Doċartaiġ, ar ḋeis Dé go raḃ a anam.

Ċaiṫ sé an ṁór-ċuid dá ṡaoġal ag teagasc scoile ar an Ċruit, i Rosaiḃ Tír Ċonaill, an áit i rugaḋ agus a tógaḋ é. Ba doiliġ áit a ḟaġáil a b'ḟearr a raiḃ Gaeḋilg ann 'ná Oileán na Cruite nuair ḃí Antoine ag fás aníos.

Ḃí uncal aige féin, mar ḃí Míċeál Eilíse, agus ní raiḃ cainnteoir Gaeḋilge a b'ḟearr 'ná é ins na Rosaiḃ le n-a linn. Ba uaiḋ a d'ḟoġlaim Antoine an ṁór-ċuid de na focla breáġṫa Gaeḋilge a ṫigeaḋ ċun an ḃéil ċuige nuair a ḃíoḋ sé i gcionn coṁráiḋ.

Óna ṁáṫair féin d'ḟoġlaim Antoine cuid mór a ḃain le sean-léiġeann na hÉireann. Ní raiḃ aon ċeann ariaṁ de ṡeaċt seanmóirí déag Uí Ġallċoḃair naċ raiḃ ar a teangaiḋ ag máṫair an ṁaiġistir, mar ḃí Róise Ṗáidí Mic an Ḃáird.

### DÁNTA DIAḊA.

Tuairim's ar ḋeiċ mbliaḋna fiċead ó ṡoin, ċuir an Doċartaċ moll mór de Ḋánta Diaḋa i gcló ar ṗáipéar de ċuid Ḋoire, agus ba óna ṁáṫair a scríoḃ sé síos gaċ ceann aca.

I gcionn de na dántaí sin ḃí iomlán ḃeaṫa Ċríost mar ṫáinig sé anuas ina ḃéaloideas ón aimsir ċian-aosta. Níl duine dár ċuala an dán sin ag máṫair Antoine nár ċuir sé toċt air, mar ċuirfeaḋ briaṫra an tsagairt i mbéal na h-altóra agus é ag seanmóireaċt ar an aḋḃar ċéadna.

Ba dual do Antoine Ó Doċartaiġ a ḃeiṫ Gaeḋealaċ. Ó ṫaoḃ na dtaoḃann ṡíolruiġ sé ó ḋaoine a raiḃ scoiṫ na Gaeḋilge aca, ó ḋream a raiḃ saiḋḃreas go bráṫaċ béaloidis aca, agus arḃ' ḟearr leo a ḃeiṫ ag seanċas fa'n Ḟiannaiḋeaċt 'ná fa ċeisteanna beaga suaraċa poilitiḋeaċta na h-uaire.

Ní h-iongantas, mar sin, go dtáinig an lá a raiḃ Antoine ina scoláire mór Gaeḋilge agus a raiḃ a ċliú i mbéal an ṗobail na céadta mílte ó Oileán na Cruite ina raiḃ sé ina ċoṁnaiḋe.

### GRÁḊ DON ĠAEḊILG.

Ba áḋṁail amaċ go raiḃ a leiṫéid de Ġaeḋeal mar é ag teagasc scoile ar Oileán na Cruite nuair a ḃí an Ġaeḋilg eadar ḃás agus beaṫa i nÉirinn.



ANTOINE Ó DOĊARTAIĠ.

Ní raiḃ Antoine Ó Doċartaiġ aċ oċt mbliaḋna déag d'aois nuair cuireaḋ isteaċ mar ṁaiġistir scoile ar an Ċruit é. Ins an am sin ní raiḃ teaglaċ ar an Ċruit naċ í an Ġaeḋilg a ḃí mar ṫeangaiḋ laeṫeaṁail aca.

Ba í sin an teanga ba nádúrḋa ag an ṁaiġistir agus ag a ċuid scoláirí. Ṫáinig toraḋ maiṫ ar a ṡaoṫar; rinne sé scoláirí maiṫe den aos-léiġinn a ḃí faoi n-a ċúram; agus spreag sé iad le gráḋ don Ġaeḋilg agus do ṡean-léiġeann na hÉireann.

Cé go ḃfuil Antoine Ó Doċartaiġ ar ṡluaġ na marḃ indiu, tá caoin-ċuiṁne ag mórán de ṡean-Ġaeḋil na hÉireann air. Mairiḋ an obair go fóill ar ar ċuir sé tús tá leaṫ-ċéad bliaḋain ó ṡoin ann nuair a ṫosuiġ sé a ṫeaġasc ar Scoil na Cruite. Tá aiṫne agam féin ar ḋís scoláire dá ċuid, mar atá Séamus Ó Searcaiġ agus Eoin Ó Searcaiġ. Is mór an ċliú dá sean-ṁaiġistir iad.

### TEAGASC NA TEANGTA.

Leaṫ-ċéad bliaḋain ó ṡoin, ní raiḃ an Bórd Náisiúnta Oideaċais fabaraċ dá laiġead don Ġaeḋilg. D'aindeoin an Ḃúird ġallda sin, ṫeagasc Antoine teanga na tíre taoḃ istoiġ de uaireanna coit-ċeannta na scoile nuair naċ raiḃ fiċe maiġistir scoile i nÉirinn ag teagasc na Gaeḋilge.

Aċ ḃí cara cuṁaċtaċ aṁáin aige, a ḃí coṁ Gaeḋealaċ leis féin, mar ḃí an tEaspog Ó Doṁnaill. Ḃí meas mór i gcoṁnaiḋe ag an Easpog ar ṁaiġistir scoile na Cruite; agus nuair tigeaḋ lá an Easpuig, ċuireaḋ sé lúṫġáir ar an Easpog Ó Doṁnaill a ḃeiṫ ag éisteaċt leis an Ġaeḋilg ḃreáġ líoṁṫa a ḃí ag cuid scoláirí Antoine.

Is cuiṁneaċ le muinntir Tír Ċonaill go fóill an lá mór a ḃí i nGartán ins an ḃliaḋain 1897 mar ċuiṁne ar Ċolmcille. Deir na daoine a ḃí annsin agus a ċuala Antoine Ó Doċartaiġ ag cainnt gurḃ' eisean a b'ḟearr a labair an lá sin i nGartán.

Nuair ċuaiḋ Tomás Bán Ó Conċeannáin mar ṫimṫire ó Ċonnraḋ na Gaeḋilge go Tír Ċonaill, tug Antoine cuidiú mór dó ag spíosaḋ an ṗobail leis an teangaiḋ a ṡáḃáil.

### PÁISTÍ NA GAEḊEALTAĊTA.

Scríoḃ Antoine Ó Doċartaiġ leaḃarṫaí beaga Gaeḋilge fa ċoinne na scoltaċ, agus d'ḟoillsiġ Dáil Ulaḋ iad. Ṫuig seisean go maiṫ nár ċeart Gaeḋilg ar bit a ṫeagasc do ṗáistí na Gaeḋealtaċta aċ an ċanaṁain a ḃí aca féin sa ḃaile.

Ċuir sé Gaeḋilg na h-aimsire seo ar "Ṫóraiġeaċt Ḋiarmada agus Ġráinne," agus ba é a rinne go maiṫ é. Ba file Antoine Ó Doċartaiġ; is iomḋa giota filiḋeaċta a ċum sé i nGaeḋilg agus i mBéarla.

Sul ar cuireaḋ Connraḋ na Gaeḋilge féin ar bun, ḃí Antoine ag cruinniú scéalta agus sean-aṁrán fríd na Rosaiḃ, agus dá gcur i gcló ar "An Gaoḋal," páipéar Gaeḋilge a ḃí i Meiriceá. Ṫaitin an t-eagar a ċuireaḋ sé ar na h-aṁráin go mór leis an tSagart Ó Graṁnaiġ, agus ṫug sé molaḋ mór do ṡaoṫar an Doċartaiġ.

Is iomḋa duine ar fud Éireann a d'ḟoġlaim an Ġaeḋilg ó Antoine Ó Doċartaiġ, nuair ḃí siad ina mic-léiġinn ar Ċoláiste na gCeiṫre Maiġistrí i Leitir Ceanainn agus ar Ċoláiste Ulaḋ i gCloiċ Ċeann-ḟaolaiḋ.

Ní raiḃ rud ariaṁ dá dteaċaiḋ sé ina ċionn naċ dtearn sé go maiṫ é. Ní raiḃ duine dá ḃfaca a lorg pinn ariaṁ nár léar dó an saoṫar a ġlac sé ar ḋóiġ go mbéaḋ an scríḃinn coṁ bláṫṁar le cionn de na sean-láiṁscríḃne féin. Duine den tsean-ḋéanaṁ a ḃí ann, agus ní móide go ḃfeicfeamuid a leiṫéid arais ar ċlár na Fódla.